Conradh na Gaeilge

Mary Ryan,
Ceannasaí Margaíochta,
Bus Átha Cliath,
59 Sráid Uí Chonaill,
Baile Átha Cliath 1,
D01 RX04.
customercomment@dublinbus.ie

26 Eanáir 2020

A Dhuine Uasail,

Tá sé de nós ag Bus Átha Cliath an dátheangachas a chur i bhfeidhm go forleathan ina cuid seirbhísí ar nós fógraí béil, ticéid agus fógraí, rud atá le moladh.

Mar sin bhí iontas orainn nuair a dúradh linn ón phobal go bhfuil lógó Bus Átha Cliath athraithe ó Bhéarla go Gaeilge ar chuid de na busanna nua go 'Dublin Bus'.

Ba mhaith linn fiosrú a dhéanamh ar pholasaí margaíochta lógó Bus Átha Cliath dá bharr. An bhfuil aon athrú ar an bpolasaí lógó Gaeilge Bus Átha Cliath a thaispeáint ar bhusanna Átha Cliath go lógó a bhfuil Béarla amháin ar an lógó anois? Ar tháinig aon athrú ar úsáid na Gaeilge ar lógó Bus Átha Cliath?

Bheinn buíoch as aon eolas gur féidir a thabhairt faoi seo.

Is mise, le meas,

Caoimhín Ó Cadhla

_____

Caoimhín Ó Cadhla
Feidhmeannach Taighde & Anailíse